AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Ciorclán: 0079/2017

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Meánscoileanna Deonacha sa Scéim Oideachais Shaoir

Athbhreithnithe ar Rátaí Pá in 2018 le haghaidh Rúnaithe, Airíoch agus Glantóirí i Scoileanna atá á maoiniú ag deontais agus atá fostaithe ag Boird Bhainistíochta Meánscoileanna Deonacha sa Scéim Oideachais Shaoir agus méaduithe gaolmhara i maoiniú Deontais

Réamhrá

Tá treoir tugtha ag an Aire Oideachais agus Scileanna dom tagairt a dhéanamh don phróiseas comhaontaithe eadrána maidir le pá Rúnaithe agus Áiríoch i scoileanna atá á maoiniú ag deontais agus don Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail *(Leachtú FEMPI - Comhaontú fir Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 - 2020).*

Príomhdhátaí

1 Eanáir 2018 *Íosphá Náisiúnta*	*Cuir i bhfeidhm Méadaithe san Íosphá Náisiúnta go €9.55 Tagraíonn Alt B.3 don chiorclán seo.
1 Eanáir 2018 *Próiseas eadrána le haghaidh Rúnaithe agus Airíoch*	Méadú san íos-ráta de luach sathaoir in aghaidh na huaire ó €11.01 go €11.50 le haghaidh Rúnaithe agus Áiríoch. Baineann sé seo le Rúnaithe agus Áirígh fostaithe ag scoileanna agus **nach** n-íoctar faoi láthair iad ar scála tuarastail arb ionann é agus scála tuarastail sa tseirbhís phoiblí a bhfuil a dtuarastal maoinithe ón SSSF, deontais Rúnaithe agus Áiríoch agus a n-íoctar níos lú ná an ráta in aghaidh na huaire de €11.50. Tagraíonn Alt A.2, A.4 agus Iarscríbhinn 1 den Chiorclán seo. Ba cheart iarratais le haghaidh maoiniú breise a chur ar aghaidh a luaithe agus is féidir agus faoin 30 Márta 2018. Tagraíonn Alt A4 agus Iarscríbhinn 1 den Chiorclán seo.
1 Eanáir 2018 *Leachtú FEMPI*	Tuarastail Bhliantúlaithe le méadú le 1%. Baineann sé seo le Rúnaithe agus Áirígh fostaithe ag scoileanna agus a bhfuil a dtuarastal á mhaoiniú ón SSSF, deontais Rúnaithe agus Áiríoch agus **atá** íoctha ar scála tuarastail arb ionann é agus scála tuarastail sa tseirbhís phoiblí agus freisin le Glantóirí atá fostaithe ag scoileanna trí mhaoiniú deontais SSSF a úsáid. Tagraíonn Alt B.1 agus B.2 don chiorclán seo. (Éascaithe ag méadú tugtha in SSSF, Deontais Rúnaiteh agus Áiríoch in 2018)
1 Aibreán 2018 *Próiseas eadrána le haghaidh Rúnaithe agus Airíoch*	Méadú 2.5% sa ráta pá in aghaidh na huaire sa luach saothair le haghaidh Rúnaithe agus Áirígh Scoile. Baineann sé seo le Rúnaithe agus Áirígh fostaithe ag scoileanna agus **nach** n-íoctar faoi láthair iad ar scála tuarastail arb ionann é agus scála tuarastail sa tseirbhís phoiblí a bhfuil a dtuarastal maoinithe ón SSSF, deontais Rúnaithe agus Áiríoch. Tagraíonn Alt A.2, agus A.5 don chiorclán seo. Tá an méadú seo sa bhreis ar chur i bhfeidhm íosmhéid de ráta pá in aghaidh na huaire de €11.50 a mhéadófar anois go €11.79. (Éascaithe ag méadú tugtha in SSSF, Deontais Rúnaiteh agus Áiríoch in 2018)
1 Deireadh Fómhair 2018 *Leachtú FEMPI*	Tuarastail Bhliantúlaithe le méadú le 1%. Baineann sé seo le Rúnaithe agus Áirígh fostaithe ag scoileanna agus a bhfuil a dtuarastal á mhaoiniú ón SSSF, deontais Rúnaithe agus Áiríoch agus **atá** íoctha ar scála tuarastail arb ionann é agus scála tuarastail sa tseirbhís phoiblí agus freisin le Glantóirí atá fostaithe ag scoileanna trí mhaoiniú deontais SSSF a úsáid. Tagraíonn Alt B.1 agus B.2 don chiorclán seo. (Éascaithe ag méadú tugtha in SSSF, Deontais Rúnaiteh agus Áiríoch in 2018)

Nóta:

* Is é an seicheamh atá i cur i bhfeidhm ná cur i bhfeidhm an mhéadaithe bhliantúlaithe de 1% sa phá náisiúnta ar an gcéad dul síos. Mura dtugann sé seo an ráta in aghaidh na huaire ar ais chuig leibhéal an Íosphá Náisiúnta, ansin tá leibhéal an Íosphá Náisiúnta infheidhme.

Baineann **CUID A** den Chiorclán seo le Rúnaithe agus Áirígh fostaithe ag Boird Bhainistíochta i scoileanna a bhfuil a dtuarastal maoinithe ón gCiste Tacaíochta um Sheirbhísí Scoileanna, deontais Rúnaithe/Rúnaithe SSSF agus Áiríoch/Airígh SSSF a íoctar le scoileanna ag an Roinn seo agus **nach bhfuil** i láthair na huaire íoctha ar scála tuarastail arb ionann é agus scála tuarastail sa tseirbhís phoiblí.

Is í is cúis le Cuid A den Chiorclán seo ná chun cur i bhfeidhm in 2018 Chéim 3 den Chomhaontú a chur in iúl do húdaráis bhainistíochta. Is comhaontú é ar thángthas air leis an gceardchumann mar thoradh ar thorthaí an Eadránaí maidir le tuarastal Rúnaithe agus Áirigh Scoileanna atá maoinithe ag deontais.

Baineann **CUID B** den Chiorclán seo ina dtagraítear do mhéaduithe i dtuarastail de réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail *(Leachtú FEMPI - Comhaontú fir Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 - 2020)* in éifeacht ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2018 le:

- Rúnaithe agus Áirigh i Scoileanna atá fostaithe ag Boird Bhainistíochta scoileanna a maoinítear a bpá ó Chiste Tacaíochta um Sheirbhísí Scoileanna, deontais Rúnaithe agus Áiríoch a íocann an Roinn seo le scoileanna agus **atá** íoctha i láthair na huaire ar scála tuarastail arb ionann é agus scála tuarastail sa tseirbhís phoiblí agus le
- Glantóirí atá fostaithe ag scoileanna a maoinítear a bpá ón Chiste Tacaíochta um Sheirbhísí Scoileanna nó ón deontas Caipitíochta a íocann an Roinn seo le scoileanna.

Leagtar amach i g**CUID C** den Chiorclán seo rátaí athbhreithnithe Dheontais an Chiste Tacaíochta um Sheirbhísí Scoileanna, Deontais Rúnaithe agus Áiríoch ionas gur féidir le scoileanna na rátaí athbhreithnithe a íoc de réir mar atá leagtha amach i gCuid A agus i gCuid B le linn 2018.

Scaipeadh agus Ceisteanna

Cinntigh go gcuirfear ábhar an chiorcláin seo ar a súile do gach ball den Bhord Bainistíochta agus do gach ball bainteach foirne sa scoil.

Tabhair do d'aire nach dtagraíonn aon ábhar sa Chiorclán seo ach do Mheánscoileanna Deonacha sa Scéim Oideachais Shaoir.

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne faoi http://www.education.ie.

Ba chóir ceisteanna faoi fheidhmiú an Chiorcláin seo a chur i láthair an chomhlachta chuí bainistíocht scoile i dtosach báire.

Philip Crosby
Caidrimh Foirne Seachtraí

Jill Fannin
Rannán Airgeadas na Scoileanna

21 Nollaig 2017

CUID A

Rúnaithe agus Feighlithe Scoile deontasmhaoinithe atá fostaithe ag Boird Bhainistíochta scoileanna <u>nach n–íoctar</u> faoi láthair ar scála tuarastail ar ionann é agus scála tuarastail sa tseirbhís phoiblí.

1. Is é feidhm Chuid A den Chiorclán seo a chur in iúl d'údaráis bhainistíochta faoin bhfeidhmiú in 2018 de Chéim 3 den chomhaontú leis na ceardchumainn de bhun thorthaí an Eadránaí maidir le pá Rúnaithe agus Feighlithe Scoile deontasmhaoinithe.

Feidhmiú an Chomhaontaithe

2. Ní bhaineann na harduithe pá atá leagtha amach sa chomhaontú ach le Rúnaithe agus Feighlithe Scoile atá fostaithe ag Boird Bhainistíochta scoileanna <u>nach n–íoctar</u> faoi láthair ar scála tuarastail ar ionann é agus scála tuarastail seirbhís phoiblí agus a maoinítear a bpá ón Deontas Chiste Tacaíocht Seirbhísí Scoile, an Deontas Rúnaí/Rúnaí SSSF agus Feighlí/Feighlí SSSF a íocann an Roinn seo le scoileanna.

3. Ní bhaineann na harduithe pá atá leagtha amach sa chomhaontú le hOifigigh Chléireachais atá fostaithe in Iar-bhunscoileanna faoi Scéim 1978 a íoctar tríd an bpárolla a fheidhmíonn an Roinn. Tá arduithe pá le haghaidh Oifigigh Chléireachais agus Feighlithe atá fostaithe faoi Scéimeanna 1978/79 leagtha amach i gCiorclán 0074/2017.

Feidhmiú Chéim 3 den Chomhaontú – Méadú ar Ráta Uaire agus Tabhairt Isteach Íosráta Uaire le héifeacht ó 1 Aibreán 1 2018

4. Ba chóir íosráta uaire €11.50 a fheidhmiú do Rúnaithe agus Feighlithe Scoile a bhfuil tagairt dó i bparagraf 2 thuas le héifeacht ón 1ú Eanáir 2018. **Eisítear** sa ráta seo an méadú 2.5% a bhfuil tagairt dó i bparagraf 5 thuas.

   In **Iarscríbhinn 1** den Chiorclán seo tá foirm iarratais chun tuillleadh maoinithe a fháil in 2018 le haghaidh na scoileanna nach mbeidh go leor maoiniú acu in 2018 chun an t-íos-ráta uaire nua de €11.50 a íoc a bheidh i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2018. Áirítear san Iarscríbhinn treoir faoin dóigh chun an fhoirm iarratais a chomhlánú.

5. Méadú 2.5% ar ráta uaire pá/tuarastal bliantúil Rúnaithe agus Feighlithe Scoile a bhfuil tagairt dó i bparagraf 2 thuas le feidhmiú ag fostóirí le héifeacht ón 1 Aibreán 2018 agus íos-ráta uaire pá de €11.79 a bheith in éifeacht ó 1 Aibreán 2018 ina dhiaidh sin.

6. Cuirtear i gcuimhne d'fhostóirí go raibh
   - Céim 1 den Chomhaontú, mar atá leagtha amach i gCiorclán 0077/2015, le cur i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2016 agus
   - Céim 2 den Chomhaontú, mar atá leagtha amach i gCiorclán 0025/2017, le cur i bhfeidhm ó 1 Eanáir 2017.

Feidhmiú Céimeanna Eile den Chomhaontú Feasta

7. Eiseofar in am is i dtráth, níos gaire don dáta bainteach feidhmithe, fógraí faoi chéimeanna eile den chomhaontú amach anseo agus faoi na méaduithe ar mhaoiniú deontais a ghabhfaidh leo.

Toirmeasc ar Laghdú Uaireanta Oibre de bhun an Chomhaontaithe

8. Níor chóir, i gcás ar bith gurb é toradh ná cúis fheidhmiú an chomhaontaithe laghdú chandam na n-uaireanta oibre a bhíonn ar fáil d'aon Rúnaí ná Feighlí Scoile. Ní chuirtear as an áireamh, áfach, go laghdódh scoil an candam uaireanta ar chúis oibiachtúil ar bith amhail titim i líon na ndaltaí srl.

Méadú ar Uaireanta Oibre

9. Caithfear aon mhéadú ar uaireanta oibre rúnaí nó feighlí scoile a bhainistiú taobh istigh den ghnáthmhaoiniú deontais. Ní féidir an fhoirm iarratais in Aguisín 1 a úsáid le maoiniú a iarraidh i gcomhair méadú uaireanta oibre.

CUID B

Rúnaithe agus Feighlithe Scoile deontasmhaoinithe atá fostaithe ag Boird Bhanistíochta scoileanna agus a íoctar faoi láthair ar scála tuarastail ar ionann é agus scála tuarastail seirbhís phoiblí
agus Glantóirí atá fostaithe ag Boird Bhanistíochta scoileanna a úsáideann an Deontas Chiste Tacaíocht Seirbhísí Scoile nó Maoiniú Deontas Caipitíochta

1. Is é feidhm Chuid B den Chiorclán seo údaráis bhainistíochta a chur ar an eolas faoi mhéadú san Íosphá Náisiúnta atá le híoc in éifeacht ó 1 Eanáir 2018 agus na méaduithe pá atá le híoc ó 1 Eanáir 2018 faoin Acht um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail *(Leachtú FEMPI - Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 - 2020)* le:

   - Rúnaithe agus Feighlithe Scoile atá fostaithe ag scoileanna a úsáideann an Deontas Ciste Tacaíocht Seirbhísí Scoile, deontas maoinithe Rúnaí/Rúnaí SSSF agus Feighlí/Feighlí SSSF agus a íoctar faoi láthair ar scála tuarastail ar ionann é agus scála tuarastail seirbhís phoiblí agus le
   - Glantóirí atá fostaithe ag scoileanna a úsáideann an Deontas Ciste Tacaíocht Seirbhísí Scoile nó Maoiniú Deontas Caipitíochta.

Feidhmiú an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (*Leachtú FEMPI - Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 - 2020)*

2. De réir an Achta um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (leachtú FEMPI - Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018 - 2020), tá na méaduithe seo a leanas le híoc:

   - Tuarastail Bhliantúlaithe le méadú le 1% in éifeacht ón 1 Eanáir 2018
   - Tuarastail Bhliantúlaithe le méadú le 1% in éifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2018

   Ba chóir pá baill foirne páirtaimseartha a athbhreithniú, ar bhonn pro-rata, agus de réir na ngnáthshocruithe, trí thagairt a dhéanamh do phá baill foirne lánaimseartha a bhfuil baint acu leo, maidir le pá, de réir an Chiorcláin seo. Tabhair faoi deara go bhfuil ríomh an phá pro rata bunaithe ar choibhéis lán-aimseartha de 39 uair.

Méadú san Íosphá Náisiúnta go €9.55 in éifeacht ón 1 Eanáir 2018

3. Ba chóir d'fhostóirí a thabhairt dá n-aire, faoi théarmaí Ordú an Íosphá Náisiúnta (S.I. Uimh. 442 de 2015), go méadófar an t-íosphá Náisiúnta go €9.55 san uair le héifeacht ón 1 Eanáir 2018.

   Is é an seicheamh atá i cur i bhfeidhm ná cur i bhfeidhm an mhéadaithe bhliantúlaithe de 1% sa phá náisiúnta ar an gcéad dul síos. Mura dtugann sé seo an ráta in aghaidh na huaire ar ais chuig leibhéal an Íosphá Náisiúnta, ansin tá leibhéal an Íosphá Náisiúnta infheidhme.

CUID C

Rátaí Athbhreithnithe Maoiniú Deontas Ciste Tacaíocht Seirbhísí Scoile/Deontas SSSF Rúnaí agus Feighlí/Deontas SSSF Feighlí le Meánscoileanna Deonacha sa Scéim Oideachais Shaoir
(Le híoc in Eanáir 2018)

1. Ciste Tacaíocht Seirbhísí Scoile (SSSF)
Tá an deontas SSSF méadaithe ó €211 go €215.50 an dalta

2. Deontais do Rúnaithe

Tá an Bun-Deontas Rúnaí méadaithe ó €38 go dtí €39 an dalta

Tá an Deontas Rúnaí SSSF méadaithe ó €25.50 go dtí €26 an dalta

Ní fhaigheann scoileanna a fhostaíonn rúnaithe faoi 'scéim 1978' aon deontas rúnaí.

3. Deontais d'Fheighlithe

Tá an Bun-Deontas Feighlí méadaithe ó €31.50 go dtí €32.50 an dalta

Tá an Deontas Feighlí SSSF méadaithe ó €19.50 go dtí €20 an dalta

Áirítear leis na rátaí athbhreithnithe soláthar le haghaidh ÁSPC an Fhostóra.

Iarscríbhinn 1

Foirm Iarratais i gcomhair maoiniú breise 2018

(Teoranta do na scoileanna sin a bhí ag íoc ráta níos lú ná €11.50 san uair i mí na Nollag 2017 le Rúnaithe agus Feighlithe scoile agus nach bhfuil go leor airgid acu in 2018 chun an t-íosráta uaire nua €11.50, a thiocfaidh i bhfeidhm ón 1ú Eanáir 2018, a íoc).

Má tá an scoil ag cur isteach ar mhaoiniú breise maidir le níos mó ná rúnaí nó feighlí amháin, ba chóir foirm iarratais eile a chomhlánú.

Ainm na Scoile		**Uimhir Rolla**	
Ríomhphost na Scoile		**Uimhir Ghutháin na Scoile**	
Seoladh na Scoile			
Príomh-Theagmhálaí			

Mionsonraí uaireanta a oibrítear agus rátaí a íoctar

		Rúnaí	**Feighlí**
	Ainm		
(i)	Uaireanta conartha seachtainiúla comhlána @ Nollaig 2017 (sosanna íoctha béilí san áireamh)		
(ii)	Líon seachtainí conartha le hoibriú idir 01/01/2018 agus 31/12/2018 (tréimhsí saoire bhliantúil íoctha san áireamh ach gan saoire neamhíoctha/scaoilte saor san áireamh)		
(iii)	Líon iomlán uaireanta conartha idir 01/01/2018 agus 31/12/2018 i. iolraigh (i) faoi (ii)		
(iv)	Ráta pá uaire ar 01/01/2017		
(v)	Difríocht san uair idir an ráta uaire an t-íosráta uaire de €11.50 .i. €11.50 lúide (iv)		
(vi)	An t-easnamh sa ráta uaire faoin líon iomlán uaireanta conartha a bheidh le hoibriú in 2018 i. (iii) iolraithe faoi (v)		
(vii)	ÁSPC an Fhostóra atá le híoc ar (vi) thuas		
(viii)	Méid maoiniú breise atá á iarraidh i gcomhair 2018 .i. (vi) móide (vii)		

Cuir in iúl má fuair an scoil maoiniú breise in:

2016 de réir Chiorclán 0076/2015 (Fuair/ Ní bhfuair)	
2017 de réir Chiorclán 0026/2017 (Fuair/ Ní bhfuair)	
Ar tharla aon athrú pearsanra ó cuireadh iarratas isteach in 2017? (Tharla/Níor tharla)	
Má tharla tabhair sonraí faoi na hathruithe sin ar nós ainmneacha aonair, dátaí, srl, thíos:	

Dearbhú:

Dearbhaím go bhfuil an t-eolas atá leagtha amach san fhoirm seo ceart agus nach bhfuil go leor airgid ag an scoil chun an t-íosráta uaire €11.50 a íoc lena rúnaithe agus feighlithe de réir cheanglais an Chiorcláin seo.

Dearbhaím go bhfuil an t-iarratas seo ar mhaoiniú breise bunaithe ar uaireanta conartha seachtainiúla an rúnaí/fheighlí mar atá i mí na Nollag 2017 agus nach méadófar na huaireanta seo in 2018.

Dearbhaím go bhfuil an cháipéisíocht bhainteach tacaíochta ar fad a bhaineann leis an iarratas seo ar mhaoiniú breise ar fáil le haghaidh chigireacht de chuid na Roinne má iarrtar í.

_____
Síniú Phríomhoide na Scoile

_____
Síniú Chathaoirleach BB

Dáta: _____

Uimhir Rolla na Scoile_____

CUIR AN FHOIRM CHOMHLÁNAITHE CHUIG:

Rannán Airgeadas na Scoileanna, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Contae na hIarmhí a luaithe agus is féidir agus tráth nach déanaí ná <u>30 Márta 2018.</u>

Meastar go n-íocfar maoiniú ar bith breise atá ceadaithe roimh dheireadh na scoilbhliana reatha airgeadais. Ba chóir do scoil ar bith atá ag cur iarratais isteach ar mhaoiniu breise a mhaoiniú reatha deontais a úsáid chun tús a chur leis na rátaí athbhreithnithe a íoc ó 1 Eanáir 2018.

Treoir ar chomhlánú na Foirme Iarratais

Príomhphointí le sonrú:

1. Níl scoileanna a íocann ráta uaire €11.50 nó níos mó dá rúnaithe nó feighlithe i dteideal cur isteach ar mhaoiniú breise.

2. Leagtar amach sa tábla thíos mar ba chóir do scoileanna incháilithe an Fhoirm Iarratais a chomhlánú. Tá na ríomhanna thíos bunaithe ar na cásanna atá léirithe ag a) agus b).

    a) Fostaíonn scoil rúnaí ar feadh 20 uair an chloig sa tseachtain i rith na scoilbhliana (33 seachtain). Is é €10.75 san uair an ráta pá i mí na Nollag 2017.

    b) Fostaíonn scoil feighlí freisin ar feadh 16 uair an chloig sa tseachtain i rith na scoilbhliana (33 seachtain). Is é €8.65 san uair an ráta pá i mí na Nollag 2017.

		Rúnaí	**Feighlí**
(i)	Uaireanta conartha seachtainiúla comhlána @ Nollaig 2017 (sosanna béilí san áireamh)	20	16
(ii)	Líon seachtaní conartha le hoibriú idir 01/01/2017 agus 31/12/2017 (tréimhsí saoire bhliantúil íoctha san áireamh ach gan saoire neamhíoctha/scaoilte saor san áireamh)	33	33
(iii)	Líon iomlán uaireanta conartha idir 01/01/2017 agus 31/12/2017 i. iolraigh (i) faoi (ii)	660	528
(iv)	Ráta pá uaire ar 31/12/2017	€10.75	€11.00
(v)	Difríocht san uair idir an ráta uaire an t-íosráta uaire de €11.50 .i. €10.75 lúide (iv)	€0.75	€0.50
(vi)	An t-easnamh sa ráta uaire faoin líon iomlán uaireanta conartha a bheidh le hoibriú in 2017 i. (iii) iolraithe faoi (v)	€0.75*660 = €495.00	€0.75*660 = €264.00
(vii)	ÁSPC an Fhostóra atá le híoc ar (v) thuas	€*8.5%= €42.08	€*8.5%=€22.44
(viii)	Méid maoiniú breise atá á iarraidh i gcomhair 2017 i.e. (vii) móide (vii)	€495+€42.08=€537.08	€264+€22.44=€286.44